Bhí mé faoi dhraíocht ag an Mata i gcónaí ó mo laethanta scoile luatha. Is minic a smaoinigh mé an mbainfinn úsáid as in aonchor i mo ghnáthshaol oibre. Ach, rud a chuir ionadh orm, bainim. Cuirim coincheapa Mata i bhfeidhm gach lá! Mar Innealtóir dearbhaithe Cáilíochta Bogearraí ag Amazon, oibrím lenár bhfoireann chun a chinntiú go bhfuil na bogearraí a sholáthraímid dár gcustaiméirí ar fud an domhain d'ardcháilíocht. Tá na scileanna réitithe fadhbanna, loighce agus anailíse go léir a fuair mé mar bhunchloch agus mé ag foghlaim an Mhata ar scoil ina gcabhair mhór dom.

**Nicaise Ishimwe**
Innealtóir Bogearraí QA, Amazon, Baile Átha Cliath





Fadó nuair a bhí mé ar scoil bhí mé ag déanamh iontais i gcónaí cén úsáid a bhainfinn as an mata má bhí mé chun a bheith i m'fheirmeoir. Níor chóir dom a bheith ag déanamh iontais! Tá mata, uimhreacha agus an cumas ríomh a dhéanamh ríthábhachtach dom i mo chuid oibre ó lá go lá! Idir thoradh bainne a ríomh in aghaidh na bó, a fháil amach cé mhéad bainne chun lao a bheathú agus an méid is fearr de leasachán atá le scaipeadh a oibriú amach. Gan bunús maith sa mhata bheadh mo phost mar fheirmeoir beagnach dodhéanta!

**Brian Rushe**
Feirmeoir, Cill Dara

Is siopa gnóthach ilrannach é McElhinneys i gContae Dhún na nGall a bhfuil gnó rathúil díolachán ar líne aige. Gach lá ag an obair bím ag tabhairt aghaidhe ar chásanna éagsúla nuair is gá dom a ríomh agus teacht suas le réiteach. Bainim úsáid as an mata i gcónaí. I miondíola, tá uimhreacha tábhachtach maidir le díolacháin agus stoc. Creidim gurb é atá sa mhata ná rud éigin is féidir leat a dhéanamh ar feadh do shaoil ar fad agus trí beagáinín staidéir bhreise a chur isteach san ábhar d'fhéadfadh deiseanna a bheith agat amach anseo nuair fhágann tú an scoil.

**Shane Lafferty**
Córais agus Lóistíocht,
McElhinneys as Bealach Féich,
Dún na nGall



# MATA ag an Obair!

# #IUseMaths



Tá mo ról mar riarthóir ealaíon i gceann de na féilte ealaíon is mó in Éirinn an-ghnóthach agus an-éagsúil ach is féidir leis a bheith an-spreagúil freisin! Níl aon dá lá mar an gcéanna. Mórchuid na ndaoine, ní léir dóibh an tábhacht ollmhór atá ag mata in obair riarthóirí ealaíon; idir lóistín agus taistil d'ealaíontóirí a sceidealú, réamh-mheastacháin sreabhadh airgid a ríomh chun a chinntiú go bhfaigheann gach duine a bpá in am agus díolacháin oifig bhosca a réiteach, tá mata á úsáid agam i gcuid mhór de mo phost. Tá áthas orm gur thug mé aird sa rang!

**Celine Reilly**
Riarthóir,
Féile Ealaíon
Chill Chainnigh

Bhain mé taitneamh as mata ar scoil ach níor mhothaigh mé riamh go mbeadh úsáid agam di i mo shaol ó lá go lá nuair a thosaigh mé ag obair. Ní fhéadfadh sé sin a bheith níos faide ón bhfírinne. Agus mé ag obair ar thionscadail éagsúla lena n-áirítear seoladh Sky Glass (ár teilifís nua lonrach) agus red carpet premiers le haghaidh seónna cosúil le House of the Dragon agus Succession, éilítear orm feidhmíocht a mheas chomh maith le híomhánna a dhearadh agus a thomhas le haghaidh imeachtaí. Tá Mata lárnach i mo ról agus is breá liom úsáid phraiticiúil a bhaint as na scileanna matamaitice atá faighte agam ar scoil gach lá!

**Brian McCormack**
Feidhmeannach Cumarsáide,
Sky & NOW, Baile Átha Cliath





Cuireann Óstán Midlands Park eispéireas cuairteora ar ardchaighdeán ar fáil. Inár gcistineacha gnóthacha déantar béilí do chomhdhálacha, póstaí, cruinnithe agus féastaí. Mar cócaire tá orm pleanáil agus seachadadh do na himeachtaí seo. Úsáidim ríomhanna simplí agus casta ar shlí a oibríonn don saol laethúil. Cibé an chun oidis a sheiceáil, méideanna codanna a ríomh, buiséid a ullmhú nó ag féachaint ar dhramhbhia, tá mata i ngach áit agus uaireanta níl a fhios agat é fiú amháin.

**Aine McEvoy**
Ardchócaire de Partie, Óstán Midlands Park, Port Laoise

MATA DO CHÁCH
Seachtain Mhata na hÉireann

15-23 Deireadh Fómhair 2022
#IUseMaths (#UsaidimMata)

**Cláraigh anois ar**
**mathsweek.ie**

Arna chomhordú ag
CALMAST
SETU

Le tacaíocht ó
Science Foundation Ireland — For what's next
Business in the Community — The Responsible Business Network Northern Ireland
An Roinn Oideachais — Department of Education
In association with Smart Futures